Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn

2007

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí
a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a dhéanann urraíocht uirthi.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir.

Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

Cáilíocht an Uisce Shnámha in Éirinn

Tuarascáil don Bhliain 2007

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL
The Environmental Protection Agency
Bosca Poist 3000, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Teil: +353 53 9160600 Facs: +353 53 9160699
Ríomhphost: info@epa.ie Suíomh Gréasáin: www.epa.ie

Íosghlao 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2008

Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Cáilíocht an Uisce Shnámha in Éirinn

Tuarascáil don Bhliain 2007

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Cé go ndearnadh gach iarracht le cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ná an t-údar, le freagracht ar bith as caillteanas nó damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág sé gan déanamh, de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo.

Is iad seo a leanas baill foirne na Gníomhaireachta a raibh baint acu le comhthiomsú na sonraí agus le hullmhú na tuarascála seo:
Annmarie Tuohy agus Tom Stafford.

Buíochas

Ocht gcinn déag d'údaráis áitiúla atá freagrach as cáilíocht na n-uiscí snámha sainithe ina gceantair feidhme féin a sholáthair an fhaisnéis faoi uisce snámha atá sa tuarascáil seo.

Gabhann údar na tuarascála a bhuíochas leis na baill foirne seo a leanas de chuid an EPA a chabhraigh ar bhealaí éagsúla le hullmhú na tuarascála seo: Yvonne Doris, Brendan Wall, Deirdre Kirwan, George McHugh, Caroline Kelly and Emily Williamson.

Tá buíochas ar leith ag dul do Claire Byrne as Léarscáil Cháilíocht Uisce Shnámha na hÉireann 2007 a ullmhú agus do Larry Stapleton a sholáthair an grianghraf ar chlúdach na tuarascála.

Is mór againn comhoibriú na Ranna Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, na Taisce agus Mhet Éireann.

Clár an Ábhair

Buíochas 3
Clár an Ábhair 4
Achoimre Feidhmiúcháin 5
1. Réamhrá 6
1.1. Breithmheas ar an nGéilliúlacht 7
1.1.1 Géilliúlacht Náisiúnta 7
1.1.2 Géilliúlacht don AE 7
2. Limistéir Sháile 8
2.1 Géilliúlacht do Threoir an AE 8
2.1.1 Luachanna Sainordaitheacha 8
2.1.2 Treoirluachanna 8
2.2 Géilliúlacht do na Caighdeáin Náisiúnta 8
3. Limistéir Fionnuisce 11
3.1 Géilliúlacht do Threoir an AE 11
3.1.1 Luachanna Sainordaitheacha 11
3.1.2 Treoirluachanna 11
3.2 Géilliúlacht do na Caighdeáin Náisiúnta 11
4. Plé na Ceiste 12
4.1 Cáilíocht an Uisce Shnámha 2007 12
4.1.1 Athruithe Stádais 12
4.1.2 Faillíocha Seasta 13
4.2 Bearta Forfheidhmithe 14
4.3 Reachtaíocht Nua faoi Uisce Snámha 16
4.3.1 Treoir faoi Uisce Snámha, 2006 16
4.3.2 Rialacháin faoi Uisce Snámha, 2008 16
4.3.3 Bearta Idirthréimhseacha 17

Aguisín 1 Léarscáil de Cháilíocht Uisce Shnámha na hÉireann 2007 18
Aguisín 2 Róil agus Freagrachtaí 19
Aguisín 3 Stádas Géilliúlachta na Limistéar Snámha Sainithe i 2007 21
Aguisín 4 Rátaí Géilliúlachta na Limistéar Snámha in Éirinn don AE (1995 - 2007) 26

Achoimre Feidhmiúcháin

Tá caighdeáin shainordaitheacha agus treoirchaighdeáin leagtha síos ag an AE don uisce snámha d'fhonn sláinte an phobail a chosaint. Faoi láthair tá 131 limistéar snámha sainordaitheach in Éirinn, arb uisce sáile 122 díobh agus fionnuisce 9 gcinn.

Taispeánann na torthaí a shainscag an EPA don séasúr 2007 go bhfuil cáilíocht an uisce shnámha in Éirinn thar a bheith go maith, mar go gcomhlíonann 97% de na limistéir shnámha (127 ar 131 díobh) na caighdeáin shainordaitheacha a leagtar síos i dTreoir an AE faoi Uisce Snámha (76/160/CEE). Ba iad na limistéir shnámha nár chomhlíon íoschaighdeáin an AE: Baile Brigín (Baile Átha Cliath Fine Gall), An Clochán (Comhairle Contae na Gaillimhe), Eochaill (Comhairle Contae Chorcaí) agus Na Forbacha (Comhairle Contae na Gaillimhe).

Fig 1 Géilliúlacht do Luachanna Sainordaitheacha an AE



Chomhlíon 80 faoin gcéad de na limistéir shnámha (105 ar 131) na luachanna is déine a leagtar síos sa Treoir. Aidhmeanna cáilíochta iad na treoirluachanna seo, ar cheart do na limistéir shnámha uile gach iarracht a dhéanamh chun iad a bhaint amach.

Is ionann i gcónaí líon na limistéar snámha a chomhlíonann luachanna sainordaitheacha an AE i 2007 agus a chomhlíon i 2006. Bhí laghdú 10 faoin gcéad ar an treoirghéilliúlacht, anuas ó 90 faoin gcéad i 2006 go 80 faoin gcéad i 2007, arbh é an t-údar a bhí leis, tríd is tríd, an fliuchras neamhghnách a bhí ann le linn shéasúr snámha na bliana 2007.

Fig 2 Géilliúlacht do Threoirluachanna an AE



Chomhlíon sé údarás áitiúla treoirchaighdeáin agus caighdeáin shainordaitheacha an AE go hiomlán i ngach ceann de na limistéir shnámha shainithe ina gceantair feidhmithe. Ba iad seo: Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae na hIarmhí.

Le deich mbliana anuas tá cáilíocht an uisce sna limistéir shainithe in Éirinn go hard i gcónaí. Is beag nach mar a chéile i gcónaí an ghéilliúlacht do luachanna sainordaitheacha an AE, idir 95 agus 99 faoin gcéad, agus bhí an ghéilliúlacht do na treoirluachanna, ar déine iad, ag malartú idir 79 agus 92 faoin gcéad.

Fig 3 Géilliúlacht do Luachanna an AE 1997-2007



1. Réamhrá

Tá na riachtanais cháilíochta do limistéir uisce shnámha na hÉireann leagtha amach sna Rialacháin faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha 1992 (I.R. Uimh. 155 de 1992) agus sna leasuithe ina dhiaidh sin orthu. Thrasuigh na Rialacháin seo ceanglais Threoir an AE faoi cháilíocht an uisce shnámha (76/160/CEE), treoir arb aidhm di a chinntiú go gcaomhnófar, agus más gá go bhfeabhsófar, cáilíocht an uisce shnámha, sa chaoi is go gcomhlíonfar na sainchaighdeáin a leagtar síos d'fhonn sláinte an phobail, agus an comhshaol, a chaomhnú. Tá achoimre ar threoirluachanna agus luachanna sainordaitheacha an AE agus ar na luachanna teorann náisiúnta i dTábla 1. Faoi láthair tá 131 limistéar snámha sainordaithe in Éirinn, ar limistéir sháile 122 díobh agus limistéir fionnuisce 9 gcinn. Déanann an t-údarás áitiúil atá inniúil monatóireacht ar na limistéir

Tábla 1 Riachtanais Cháilíochta d'Uisce Snámha

	Treoir ón CE faoi cháilíocht an Uisce Shnámha 76/160/CEE		Luachanna Teorann Náisiúnta (IR Uimh. 155 de 1992)
Paraiméadair	T (mar threoir)	S (Sainordú)	
Micribhitheolaíoch			
Bachaillíní drólannacha iomlána (Líon/100ml)	≤ 500[1]	≤ 10,000[3]	≤ 5,000[1] ≤ 10,000[3]
Bachaillíní drólannacha faecacha (Líon/100ml)	≤ 100[1]	≤ 2,000[3]	≤ 1,000[1] ≤ 2,000[3]
Streipteacocas faecach (Líon/100ml)[4]	≤ 100[2]		≤ 300[3]
Salmonella (Líon/100ml)[4]		0[3]	0[3]
Víris eintreacha (PFU/10 lítear)[4]		0[3]	0[3]
Fisiciceimiceach			
pH[4]		6 go 9[3]	≥ 6 agus≤ 9[3]
Dath		Gan aon athrú neamhghnách ar an dath[3]	Gan aon athrú neamhghnách ar an dath[3]
Olaí mianra(mg/l)	≤ 0.3[2]	Gan aon scannán a bheith le feiceáil ar bharr an uisce & gan aon bholadh[3]	Gan aon scannán a bheith le feiceáil ar bharr an uisce & gan aon bholadh[3]
Substaintí dromchlaghníomhacha (mg/l)	≤ 0.3[2]	gan aon chúr marthanach[3]	gan aon chúr marthanach[3]
Feanól (mg/l mar C_4H_3OH)	≤ 0.005[2]	gan aon bholadh ar leith ≤ 0.05[3]	≤ 0.05 & gan aon bholadh ar leith[3]
Tréshoilseacht (m)	≥2[2]	≥1[3]	≥1[3]
Ocsaigin Thuaslagtha (sáithiúchán % O_2)[4]	80 go 120[2]		≥ 70 agus≤ 120[3]
Iarmhair tharra agus ábhair ar snámh	Easpa[2]		Gan aon bhréantas[3]

Nóta 1: ≥ 80% de na samplaí Nóta 2: ≥ 90% de na samplaí Nóta 3: ≥ 95% de na samplaí
Nóta 4: Ní mór sampláil a dhéanamh má thugann an t-imscrúdú le fios nó má tá cúis réasúnta lena chreideamh go bhfuil meathlú ar cháilíocht an uisce i leith an pharaiméadair seo.
Nóta 5 Paraiméadair bhreise (Amóinia, Nítrigin (Kjeldahl),lotnaidicídí, miotail throma, ciainídí, níotráití, fosfáití)

seo le cáilíocht an uisce a sheiceáil uair in aghaidh na coicíse i rith shéasúr an tsnámha, a shíneann ó 1 Meitheamh go dtí deireadh Lúnasa gach bliain. Tosaíonn an mhonatóireacht coicís roimh thús an tséasúir. Tógtar seacht sampla ar a laghad i rith an tséasúir.

1.1. Breithmheas ar an nGéilliúlacht

Measann an EPA an ghéilliúlacht do na Rialacháin Náisiúnta de réir na bparaiméadar go léir nach mór monatóireacht a déanamh orthu de réir na Rialacháin. Cé gur cosúil le chéile na critéir don tsampláil agus don anailís faoi reachtaíocht an AE, tá difríochtaí ann maidir leis an gcaoi a léirmhínítear an ghéilliúlacht de réir thorthaí na bparaiméadar seo. Dá bharr seo b'fhéidir go mbeidh difríochtaí ann idir figiúirí na géilliúlachta do na Rialacháin Náisiúnta seachas do Threoir an AE.

1.1.1 Géilliúlacht Náisiúnta

Leagann na Rialacháin Náisiúnta síos go gcaithfear anailís a dhéanamh ar gach sampla a thógtar de réir na 8 bparaiméadar micribhitheolaíoch agus fisiciceimiceach seo:

- Bachaillíní drólannacha iomlána
- Bachaillíní drólannacha faecacha
- Dath
- Olaí mianra
- Substaintí dromchlaghníomhacha
- Feanóil
- Tréshoilseacht
- Iarmhair tharra agus ábhair ar snámh

I dtosca áirithe, go mór mór má tá meathlú ar cháilíocht an uisce, mí mór minicíocht na monatóireachta agus raon na n-anailísí a mhéadú. Ar an gcaoi chéanna, más amhlaidh a léirítear go bhfuil cáilíocht ard sheasmhach san uisce, is féidir minicíocht na monatóireachta a laghdú anuas go dtí ceithre huaire ar a laghad i rith shéasúr an tsnámha.

I dteannta na 8 bparaiméadar sainordaitheach, tá roinnt paraiméadar breise arna leagan amach sna Rialacháin, nach mór a shampláil má bhíonn cúiseanna ann lena chreidiúint go bhfuil meathlú tar éis teacht i leith an pharaiméadair nó na substainte áirithe sin sa limistéar snámha. Caithfidh na húdaráis áitiúla torthaí na samplála a chur faoi bhráid EPA ag deireadh gach séasúir shnámha.

1.1.2 Géilliúlacht don AE

Is ionann na paraiméadair nach foláir sampláil agus anailís a dhéanamh orthu de réir Threoir an AE (76/160/CEE) agus iad siúd a shonraíonn na Rialacháin Náisiúnta. Ach, ní hionann agus an ghéilliúlacht náisiúnta a chuimsíonn na paraiméadair go léir, tá géilliúlacht cháilíocht uisce an AE bunaithe ar fho-thacar de na paraiméadair seo. Is iad seo na 5 pharaiméadar a áirítear i ngéilliúlacht an AE

- Bachaillíní drólannacha iomlána
- Bachaillíní drólannacha faecacha
- Olaí mianra
- Substaintí dromchlaghníomhacha
- Feanól.

Ligtear ar lár na paraiméadair tréshoilseacht agus dath agus an ghéilliúlacht á cinneadh. B'fhéidir go bhfuil údar maith ann gan an tréshoilseacht agus an dath a chur san áireamh i limistéir sháile mar b'fhéidir mar gheall ar mhórtas na farraige go mbeidh meathlú ar an dá pharaiméadar seo agus dá réir sin nach comhartha maith iad ar cháilíocht an uisce.
Ní féidir an oiread céanna a rá, áfach, faoi láithreacha fionnuisce mar gur comhartha iad an dath agus an tréshoilseacht ar stádas trófach an uisce.

2. Limistéir Sháile

Ba mhar a chéile i gcónaí líon na limistéar sáile sainordaitheach i rith shéasúr an tsnámha i 2007, mar atá 122.

2.1 Géilliúlacht do Threoir an AE

2.1.1 Luachanna Sainordaitheacha

San iomlán, chomhlíon 97 faoin gcéad de na limistéir sháile (118 ar 122) na luachanna sainordaitheacha a leagtar síos don ghéilliúlacht AE. Níl aon athrú ar an ráta géilliúlachta i comparáid le 2006.

Fig 4 Géilliúlacht na Limistéar Sáile do Luachanna Sainordaitheacha an AE



Níor chomhlíon ceithre limistéar sáile na luachanna sainordaitheacha a shonraítear i dTreoir an AE faoi Uisce Snámha, mar atá:

- Baile Brigín (Baile Átha Cliath Fine Gall)
- An Clochán (Comhairle Contae na Gaillimhe)
- Na Forbacha (Comhairle Contae na Gaillimhe)
- Eochaill (Comhairle Contae Chorcaí)

Níor chomhlíon Baile Brigín caighdeáin shainordaitheacha an AE i leith na mbachaillíní drólannacha iomlána ná na mbachaillíní drólannacha faecacha, agus níor chomhlíon an Clochán, Eochaill ná na Forbacha na caighdeáin i leith bachaillíní drólannacha faecacha.

2.1.2 Treoirluachanna

San iomlán chomhlíon 81 faoin gcéad de na limistéir sháile (99 ar 122) na treoirluachanna a leagtar síos sa Treoir. Is laghdú 10 faoin gcéad é seo ar thorthaí 2006, agus ba é an t-údar a bhí leis, tríd is tríd, an fliuchras neamhghnách a bhí ann le linn shéasúr snámha 2007. Tá liosta de na limistéir sháile agus fionnuisce nár chomhlíon na luachanna ná/nó na treoirluachanna i 2007 i dTábla 2.

Fig 5 Géilliúlacht na Limistéar Sáile do Threoirluachanna an AE



2.2 Géilliúlacht do na Caighdeáin Náisiúnta

Ar an 122 limistéar sáile, chomhlíon 82 faoin gcéad (100 ar 122) na Caighdeáin Náisiúnta i 2007. Is ionann é seo agus méadú 4 faoin gcéad ar ghéilliúlacht 2006.

Fig 6 Géilliúlacht na Limistéar Sáile do na Caighdeáin Náisiúnta



I dteannta na gcaighdeán micribhitheolaíoch bachaillíní drólannacha iomlána/faecacha atá leagtha amach i dTreoir Uisce Snámha an AE, áiríonn na Caighdeáin Náisiúnta paraiméadar micribhitheolaíoch breise, streipteacocais fhaecacha.

Fig 7 Géilliúlacht na Limistéar Sáile do na Caighdeáin Náisiúnta faoi Streipteacocais Fhaecacha



Níor chomhlíon dhá cheann déag de na limistéir shnámha an Caighdeán Náisiúnta faoi streipteacocais fhaecacha. Ba iad seo:

- Claycastle, Fountainstown, Eochaill (Corcaigh)
- Baile Brigín (Baile Átha Cliath Fine Gall)
- An Clochán, Na Forbacha, An Spidéal príomhthrá (Gaillimh)
- An Inse/Baile an Bhiataigh (Co na Mí)
- An Mullach Mór (Co Shligigh)
- Dún Mór Thoir Trá an Chonsailéara (Co Phort Láirge)
- Dún Canann, Cuan Bhaile na Cúirte (Co Loch Garman)

Tábla 2 Limistéir Shnámha nár chomhlíon Treoirluachanna teorann ná/nó Luachanna teorann sainordaitheacha Threoir an AE

Limistéar Snámha	Údarás Áitiúil	Cineál Uisce	Paraiméadair nár chomhlíon an luach áirithe
Níor chomhlíon Treoirtheorainneacha/Teorainneacha sainordaitheacha an AE			
Eochaill	Contae Chorcaí	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Baile Brigín	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
An Clochán	Contae na Gaillimhe	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Na Forbacha	Contae na Gaillimhe	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, *Bachaillíní drólannacha iomlána**
Níor chomhlíon Treoirtheorainneacha an AE			
Baile ua Aille	Contae an Chláir	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Trá Mhuirfin	Cathair Bhaile Átha Cliath	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Domhnach Bat	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Mullach Íde	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Port Mearnóg	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána

Limistéar Snámha	Údarás Áitiúil	Cineál Uisce	Paraiméadair nár chomhlíon an luach áirithe
Níor chomhlíon Treoirtheorainneacha an AE			
Na Sceirí	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Cill Fhionntain, trá Burrow	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Loch Sionnaigh	Baile Átha Cliath Fine Gall	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
An Spidéal (an phríomhthrá)	Contae na Gaillimhe	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Port Omna	Contae na Gaillimhe	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Trá Chaladh Mhaínse	Contae na Gaillimhe	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Caoldra	Contae Liatroma	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha iomlána
Rinn na Mara	Contae Lú	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
An Inse/Baile an Bhiataigh	Contae na Mí	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Inis Crabhann	Contae Shligigh	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
An Ros	Contae Shligigh	Sáile	Bachaillíní drólannacha iomlána
Aird Mhór	Contae Phort Láirge	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Bun Machan	Contae Phort Láirge	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Dún Mór Thoir príomhthrá	Contae Phort Láirge	Sáile	Bachaillíní drólannacha iomlána
Dún Canann	Contae Loch Garman	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Bré	Contae Chill Mhantáin	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha, Bachaillíní drólannacha iomlána
Na Clocha Liatha	Contae Chill Mhantáin	Sáile	Bachaillíní drólannacha iomlána

***** Nóta: Ba sa pharaiméadar bachaillíní drólannacha iomlána amháin nár chomhlíon Na Forbacha Treoirtheorainn an AE

3. Limistéir Fionnuisce

Ba mhar a chéile i gcónaí líon na limistéar snámha intíre sainithe i 2007, mar atá naoi gcinn.

3.1 Géilliúlacht do Threoir an AE

3.1.1 Luachanna Sainordaitheacha

Le linn an tséasúir 2007 chomhlíon gach ceann de na 9 limistéar fionnuisce na teorainneacha sainordaitheacha a leagadh amach do na cúig pharaiméadar a theastaíonn do ghéilliúlacht an AE. Ó thosaigh an tuairisciú sa bhliain 1992 tá na limistéir shnámha fionnuisce ag comhlíonadh teorainneacha sainordaitheacha an AE 100 faoin gcéad.

Fig 8 Limistéar Snámha Fionnuisce Géilliúlacht do Luachanna Sainordaitheacha an AE 1992 - 1997



3.1.2 Treoirluachanna

San iomlán, chomhlíon 67 faoin gcéad de na limistéir shnámha fionnuisce (6 ar 9) treoirluachanna an AE mar a leagtar amach sa Treoir iad. I gcás dhá cheann díobh, Baile ua Aille (Co an Chláir) agus Port Omna (Co na Gaillimhe), níor comhlíonadh treoirchaighdeán an AE do bhachaillíní drólannacha faecacha ná iomlána, agus níor chomhlíon Caoldra (Co Liatroma) an caighdeán do bhachaillíní drólannacha iomlána. Níl treoirchaighdeán an AE comhlíonta ag Baile ua Aille ná Caoldra ó 2005.

Fig 9 Géilliúlacht na Limistéar Snámha Fionnuisce do Threoirluachanna an AE



3.2 Géilliúlacht do na Caighdeáin Náisiúnta

I 2007, chomhlíon 67 faoin gcéad (6 ar 9) de na limistéir fionnuisce na treoirluachanna a leagtar amach sna Rialacháin Náisiúnta. Ba iad na trí cinn nár chomhlíon:

- Caoldra (Co Liatroma)
- Loch Riach (Co na Gaillimhe)
- Port Omna (Co na Gaillimhe)

Fig 10 Géilliúlacht na Limistéar Fionnuisce do na Caighdeáin Náisiúnta



Níor chomhlíon Caoldra an Caighdeán Náisiúnta d'ocsaigin thuaslagtha agus níor chomhlíon Port Omna ná Loch Riach (Co na Gaillimhe) é maidir le tréshoilseacht. Is tábhachtaí an tréshoilseacht i gcás limistéir shnámha intíre mar b'fhéidir gur comhartha í ar stádas truaillithe an dobharlaigh.

4. Plé na Ceiste

4.1 Cáilíocht an Uisce Shnámha 2007

San iomlán, chomhlíon 97 faoin gcéad de na limistéir shnámha shainordaithe (127 ar 131) na híoschaighdeáin shainordaitheacha atá leagtha síos i dTreoir an AE faoi Uisce Snámha; os a choinne sin chomhlíon 80 faoin gcéad díobh (105 ar 131) treoirluachanna an AE, ar déine iad. Aidhmeanna cáilíochta iad na treoirluachanna seo, ar cheart do na limistéir shnámha uile gach iarracht a dhéanamh chun iad a bhaint amach. I gcomórtas le 2006, b'ionann i gcónaí líon na limistéar snámha a chomhlíon luachanna sainordaitheacha an AE ach ba chuid suntais laghdú 10 faoin gcéad a theacht ar an ngéilliúlacht do na treoirluachanna. Chomhlíon 81 faoin gcéad (106 ar 131) de na limistéir shnámha na Caighdeáin Náisiúnta. Is ionann é seo agus méadú 4 faoin gcéad ar an gcáilíocht i gcomórtas le 2006. Tá achoimre ar thorthaí na séasúr snámha 2006 agus 2007 i dTábla 3.

Tábla 3 Stádas Géilliúlachta AE an Uisce Shnámha

	Sáile		Fionnuisce		San iomlán	
	2006	2007	2006	2007	2006	2007
Líon na limistéar snámha	122	122	9	9	131	131
Líon na limistéar snámha a chomhlíonann luachanna sainordaitheacha an AE	118	118	9	9	127	127
Céatadán a chomhlíonann luachanna sainordaitheacha an AE	97%	97%	100%	100%	97%	97%
Líon na limistéar snámha a chomhlíonann treoirluachanna an AE	111	99	7	6	118	105
Céatadán a chomhlíonann treoirluachanna an AE	91%	81%	78%	67%	90%	80%
Líon na limistéar snámha a chomhlíonann na luachanna teorann Náisiúnta	95	100	6	6	101	106
Céatadán a chomhlíonann na luachanna teorann Náisiúnta	78%	82%	67%	67%	77%	81%

4.1.1 Athruithe Stádais

Tháinig athrú ar stádas 18 de na limistéir shnámha i leith chaighdeáin an AE idir 2006 agus 2007, mar a léirítear i dTábla 4. Tháinig meathlú ar cháilíocht an uisce i 15 limistéar snámha, nár chomhlíon dhá cheann díobh (Eochaill agus na Forbacha) caighdeáin an AE níos mó agus nár chomhlíon 13 díobh ach na caighdeáin shainordaitheacha seachas na treoirchaighdeáin. Tugadh faoi deara go raibh feabhas ar cháilíocht an uisce i dtrí limistéar snámha, a raibh dhá cheann díobh géilliúil feasta (Mullach Íde agus Dún Mór, príomhthrá) chomh maith le Trá Chnocán Doirinne a chomhlíonann na treoirchaighdeáin feasta atá níos déine ná na caighdeáin sainordaitheacha.

Tábla 4 Athrú Stádais na Limistéar Snámha maidir le Caighdeáin an AE idir 2006 agus 2007

Údarás Áitiúil	Limistéar Snámha	2006	2007	Treocht
Contae Chorcaí	Eochaill	CT	NG	↓
Cathair Bhaile Átha Cliath	Cnocán Doirinne	CS	CT	↑
	Trá Mhuirfin	CT	CS	↓
Baile Átha Cliath Fine Gall	Na Sceirí	CT	CS	↓
	Port Mearnóg	CT	CS	↓
	Domhnach Bat	CT	CS	↓
	Mullach Íde	NG	CS	↑
Contae na Gaillimhe	Na Forbacha	CS	NG	↓
	Trá Chaladh Mhaínse	CT	CS	↓
	Port Omna	CT	CS	↓
Contae Lú	Rinn na Mara	CT	CS	↓
Contae na Mí	An Inse/Baile an Bhiataigh	CT	CS	↓
Contae Shligigh	An Ros	CT	CS	↓
Contae Phort Láirge	Dún Mór, príomhthrá	NG	CS	↑
	Bun Machan	CT	CS	↓
Contae Loch Garman	Dún Canann	CT	CS	↓
Contae Chill Mhantáin	Bré	CT	CS	↓
Contae Chill Mhantáin	Na Clocha Liatha	CT	CS	↓

CT	Comhlíonann Treoir, is é sin go gurb uisce de cháilíocht mhaith é
CS	Comhlíonann Sainordú, is é sin gurb uisce de cháilíocht inghlactha é
NG	Neamhghéilliúil, is é sin nach leor cáilíocht an uisce & nach gcomhlíonann sé treoirluachanna ná luachanna sainoirdaitheacha an AE.

4.1.2 Faillíocha Seasta

Ar bhonn anailíse ar thorthaí na limistéar snámha uile don tréimhse 2003-2007, is iad seo leanas na limistéir shnámha is measa a chruthaigh maidir leis an ngéilliúlacht iomlán do chaighdeáin an uisce shnámha:

Limistéar Snámha	Blianta Neamhghéilliúil do Chaighdeáin an AE
Baile Brigín (Baile Átha Cliath Fine Gall)	2003, 2004, 2006, 2007
An Clochán (Gaillimh)	2005, 2006, 2007
Na Forbacha (Gaillimh)	2005, 2007
Dún Mór príomhthrá (Co Phort Láirge)	2004, 2006

Éilíonn na Rialacháin faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha 1992, mura gcomhlíonann an t-uisce i limistéar snámha na caighdeáin, go dtabharfaidh an t-údarás áitiúil *"fógra a mheasann sé atá cuí don phobal faoi seo"* agus "*go ndéanfaidh sé na bearta riachtanacha lena chinntiú go gcomhlíonfar iad...".*

Toisc gurb é aidhm na Rialachán faoin Uisce Snámha sláinte na daoine a chosaint, níor mhór do na húdaráis áitiúla a chinntiú, mura gcomhlíonann sampla ar bith den uisce snámha na caighdeáin shainordaitheacha, go dtabharfaí é sin le fios don phobal trí bhíthin fógraí faisnéise a chuirfí suas sa limistéar shnámha. Ba cheart go mbeadh a leithéidí d'fhógraí feiceálach agus go gcuirfidís an pobal san airdeall faoi na priacail don tsláinte a thiocfadh de bharr snámh san uisce sin. D'fhéadfaí fógraí a chur freisin ar an raidió áitiúil agus ar shuíomh gréasáin na n-údarás áitiúil, de réir mar a mheastar atá cuí.

4.2 Bearta Forfheidhmithe

Tá ról maoirseoireachta ag an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil (OEE) laistigh den EPA maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil. Cuimsíonn sé sin comhairle agus treoir a thabhairt, iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus, nuair is gá, Treoracha atá ina gceangal dlí a eisiúint. Maidir le huiscí snámha, tugann an OEE aire leanúnach do cháis nár chomhlíon na huiscí caighdeáin shainordaitheacha an AE.

1 2006, níor chomhlíon na limistéir shnámha Baile Brigín, Mullach Íde (Co Bhaile Átha Cliath) agus An Clochán (Co na Gaillimhe) caighdeáin shainordaitheacha an AE maidir le bachaillíní drólannacha faecacha ná iomlána agus níor chomhlíon príomhthrá an Dúin Mhóir (Co Phort Láirge) na caighdeáin shainordaitheacha do bhachaillíní drólannacha faecacha. Níor chomhlíon An Clochán ná Baile Brigín na caighdeáin shainordaitheacha i 2007 ach an oiread, ná Eochaill (Co Chorcaí) ná Na Forbacha (Co na Gaillimhe) ach chomh beag.

D'iarr an OEE ar Chomhairle Contae Fhine Gall, de bhun Ailt 63 de na hAchtanna EPA, fiosrú agus tuairisc a dhéanamh ar sháruithe chaighdeáin shainordaitheacha an AE sna limistéir shnámha Baile Brigín agus Mullach Íde. Thuairiscigh Comhairle Contae Fhine Gall gurbh amhlaidh a sceitheadh camras gan chóireáil san fharraige 2km ó dheas de thrá Bhaile Brigín agus, lena chois sin, gur mhéadaigh an forsceitheadh ón stáisiún caidéalúcháin i ngar don trá ar shárú na gcaighdeán. D'iniúch an OEE ionad cóireála fuíolluisce Barnageeragh agus mhol sé do Chomhairle Contae Fhine Gall oibreacha feabhsaithe a dhéanamh d'fhonn gach sceitheadh a dhíbirt ón limistéar snámha. Tá rún ag Comhairle Contae Fhine Gall acmhainn an ghléasra a mhéadú faoi Mheitheamh 2008. Mhol an OEE freisin do Chomhairle Contae Fhine Gall faisnéis shoiléir a thabhairt don phobal faoin bpriacal do shláinte na ndaoine agus an raibh sé sábháilte dul ag snámh ann.

Thuairiscigh Comhairle Contae Fhine Gall go raibh fadhbanna ag baint le líonra séarachais Mhullach Íde mar gheall ar mhéid na ngeireacha, na n-olaí agus na gréisce a bhí á scaoileadh isteach sa chóras séarachais agus maidir le bainistíocht fhorsceitheadh an chamrais. D'iniúch an OEE ionad cóireála fuíolluisce Mhullach Íde agus mhol sé do Chomhairle Contae Fhine Gall bearta a déanamh lena chinntiú go laghdófar forsceitheadh an chamrais agus go gcuirfear sceitheadh na ngeireacha, na n-olaí agus na gréisce faoi réir ceadúnais. Moladh freisin don Chomhairle Contae faisnéis shoiléir a thabhairt faoin bpriacal don tsláinte a thiocfadh de bharr snámh sa limistéar seo.

Is é an gléasra cóireála fuíolluisce atá sa Chlochán an chúis is mó atá le truailliú na n-uiscí snámha agus tá fógra buan ar thrá an Chlocháin ag tabhairt le fios nach bhfuil sé sábháilte dul ag snámh san áit. D'ordaigh an OEE do Chomhairle Contae na Gaillimhe tabhairt faoi roinnt fadhbanna d'fhonn oibriú ionad cóireála fuíolluisce an Chlocháin a fheabhsú. Tá Comhairle Contae na Gaillimhe tar éis dul i mbun oibreacha feabhsúcháin, a áiríonn an dríodar a dhíchur, scagairí a shuiteáil agus an gléasra a dheisiú. Beidh ionad cóireála fuíolluisce is mó ná é ag teastáil le go gcomhlíonfaidh an Clochán caighdeáin uisce shnámha an AE. Táthar ag súil go dtosófar ar ionad nua a thógáil i 2009. Nó go dtógfar an t-ionad nua, tá molta ag an OED do Chomhairle Contae na Gaillimhe cóireáil fuíolluisce shealadach a chur ar bun le feabhas a chur ar cháilíocht an eisiltigh atá á scaoileadh.

Ó 2005 tá an OEE ag déanamh fiosruithe ar na cúiseanna atá le sárú chaighdeáin an AE i limistéar snámha an Dúin Mhóir (príomhthrá). Eisíodh Comhairle agus Moltaí (de bhun Ailt 63 den Acht EPA) i Meitheamh na bliana 2005 agus arís i mBealtaine na bliana 2007, ag moladh do Chomhairle Contae Phort Láirge fógraí cuí a chur suas ar an trá ag tabhairt le fios go bhfuil an sruth clóirínithe agus ag rá cén t-údar atá leis an gclóiríniú seo. I Lúnasa na bliana 2007 d'iniúch an OEE an limistéar snámha agus mhol sé lintéireacht a dhéanamh ar an sruthán agus dlús a chur leis na hoibreacha feabhsúcháin ar an ngléasra cóireála. Cuireadh moill, nó go ndéanfar cinneadh faoi Cheadúnas Urthrá, ar phlean Chomhairle Contae Phort Láirge gléasra cóireála a thógáil sa Dún Mór agus an sruthán a chur ag rith amach ón limistéar snámha.

Maidir leis na limistéir shnámha Eochaill agus Na Forbacha nár chomhlíon caighdeáin shainordaitheacha an AE i 2007, tá an OEE ag plé leis na húdaráis áitiúla atá i gceist faoin gcúis atá leis an neamh-chomhlíonadh seo agus na bearta atá á ndéanamh le tabhairt faoin bhfadhb.

4.3 Reachtaíocht Nua faoi Uisce Snámha

4.3.1 Treoir faoi Uisce Snámha, 2006

Tháinig Treoir nua faoi uisce snámha (Treoir 2006/7/CE) i bhfeidhm ar 24 Márta 2006 agus ó 31 Nollaig 2014 amach aisghairfidh sí Treoir 1976 atá anois ann. Is láidre a díríonn an Treoir nua ar chosaint shláinte an phobail. Leagann sí síos caighdeáin mhicribhitheolaíochta níos déine don dá pharaiméadar nua, eintreacocas stéigeach agus escherichia coli, a mbaintear feidhm astu d'fhonn na huiscí snámha a rangú sna hearnálacha 'go dona', 'sásúil', 'go maith' agus 'ar fheabhas'. Déanfar an rangú seo ar bhonn torthaí monatóireachta ceithre shéasúr snámha as a chéile. Dá bharr seo is lú an éifeacht a bheidh ag drochaimsir nó ag teagmhais aon uaire ar an rangú. Go ginearálta éileofar an rangú 'sásúil' ar a laghad do gach limistéar snámha faoi 2015.

Éilíonn an Treoir go mbainisteofar cáilíocht an uisce shnámha go réamhghníomhach, agus dá réir sin go n-ullmhófar próifílí uisce agus go ndéanfar measúnú ar chúiseanna an truaillithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an uisce snámha agus ar shláinte na ndaoine. Éilíonn an Treoir freisin go gcuirfear rannpháirtíocht an phobail chun cinn, ar chaoi is go mbeidh na daoine in ann rogha eolasach a dhéanamh faoin áit is faoin uair le dul ag snámh is go mbeidh siad rannpháirteach san fheidhmiú.

4.3.2 Rialacháin faoi Uisce Snámha, 2008

Thrasuigh na Rialacháin nua faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha 2008 (IR Uimh. 79 de 2008) Treoir an AE faoi Uisce Snámha 2006 i ndlí na hÉireann ar 24 Márta 2008. Áiríonn na Rialacháin moltaí áirithe a rinneadh le linn an chomhairliúcháin phoiblí, ina measc sin séasúr an tsnámha a shíneadh ó 31 Lúnasa go dtí 15 Meán Fómhair. Cuireann na Rialacháin ar chumas an EPA comhairle, moltaí agus treoracha a thabhairt do na húdaráis áitiúla, mar is gá, d'fhonn na Rialacháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach comhsheasmhach agus monatóireacht agus bainistíocht na n-uiscí snámha a chomhordú.

Tá achoimre anseo thíos ar phríomhfhorálacha na Rialachán nua faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha.

Séasúr an tSnámha agus Uiscí Snámha

- Séasúr an tsnámha le dul ó 1 Meitheamh go 15 Méan Fómhair.
- Sainaithint na n-uiscí snámha le déanamh ag na húdaráis áitiúla faoi 24 Márta 2011 agus ina dhiaidh sin faoi 24 Márta gach bliain.
- Próifíl an uisce shnámha le leagan síos ag na húdaráis áitiúla faoi 24 Márta 2011 do gach uisce snámha, agus le nuashonrú ina dhiaidh sin mar is gá.

Monatóireacht ar na hUiscí Snámha

- Féilire monatóireachta le leagan síos ag na húdaráis áitiúla do gach uisce snámha faoi 24 Márta 2011 agus ina dhiaidh sin faoi 24 Márta gach bliain.
- Monatóireacht le déanamh ag na húdaráis áitiúla ar na huiscí snámha, ag tosú faoi shéasúr snámha 2011, i leith na bparaiméadar micribhitheolaíoch eintreacocas stéigeach agus escherichia coli.
- An pointe monatóireachta a chur san áit is mó a bhfuil súil le snámhaithe ann nó is mó a gceaptar a bhfuil priacal truaillithe ann.
- An mhonatóireacht a chur ar fionraí má bhíonn tosca neamhghnácha ann.

- Anailís le déanamh ag na húdaráis áitiúla ar na samplaí uisce agus na torthaí le cur chun an EPA faoi 15 Deireadh Fómhair gach bliain.

Cáilíocht an Uisce

- Measúnú agus rangú le déanamh ag an EPA faoi 31 Nollaig gach bliain ar bhonn na sonraí do na ceithre shéasúr snámha roimhe sin agus le cur faoi bhráid Choimisiún an AE.
- Na huiscí snámha le rangú sna hearnálacha 'ar fheabhas', 'go maith', 'sásúil' agus 'go dona' agus an chéad rangú le cur i gcrích faoi 2005 maidir leis na ceithre bliana 2011 go dtí 2014.
- Caithfidh na huiscí snámha an chéim 'sásúil' nó níos fearr a bhaint amach faoi 2015.
- Caithfidh na húdaráis áitiúla bearta a chur i gcrích le líon na n-uiscí snámha sna rangúcháin 'go maith' nó 'ar fheabhas' a mhéadú.
- Caithfidh na húdaráis áitiúla bearta bainistíochta a chur i gcrích maidir leis an rangúchán 'go dona'.
- Caithfidh na húdaráis áitiúla rabhadh buan a thabhairt in aghaidh an tsnámha in uiscí nach féidir dóibh an chéim 'sásúil' a bhaint amach.

Rannpháirtíocht an Phobail agus Faisnéis

- Rannpháirtíocht an phobail le cur chun cinn maidir leis an bhforfheidhmiú.
- Faisnéis le tabhairt don phobal in aice leis na huiscí snámha agus ar a suíomh gréasáin ag na húdaráis áitiúla agus/nó ag an EPA

4.3.3 Bearta Idirthréimhseacha

Beidh bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm nó go bhforfheidhmítear na Rialacháin go hiomlán. Glacfar leis gurb 'uiscí snámha sainaitheanta' iad na huiscí snámha sainithe atá anois ann, nó go sainaithnítear na huiscí snámha faoi 2011. Leanfaidh an séasúr snámha agus an féilire monatóireachta (in aghaidh na coicíse) atá anois ann ar aghaidh nó go leagtar síos féilirí monatóireachta nua. Leanfaidh na socruithe monatóireachta atá anois ann, ar nós na bparaiméadar micribhitheolaíoch agus fisiciceimiceach, ar aghaidh nó go ndéantar socruithe nua.

Aguisín 1 Léarscáil de Cháilíocht Uisce Shnámha na hÉireann 2007



Aguisín 2 Róil agus Freagrachtaí

Tá a sainról féin ag na húdaráis áitiúla, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i riaradh na reachtaíochta a bhaineann le cáilíocht na n-uiscí snámha.

Údaráis Áitiúla

Sampláil agus Mionscrúdú

Caithfidh na húdaráis áitiúla na huiscí a shampláil (nó a chur á sampláil) sna limistéir shnámha as a bhfuil siad freagrach. Ní mór na samplaí seo a thógáil in áiteanna a shonrófar, de réir na minicíochta a leagfar síos agus anailís a dhéanamh orthu, an oiread agus is féidir, de réir modheolaíochtaí a shonrófar. Tá na húdaráis áitiúla freagrach freisin as mionscrúdú féiltiúil a dhéanamh ar na tosca a d'fhéadfadh dul i gcion ar cháilíocht na n-uiscí snámha, d'fhonn méid, cineál agus éifeacht na n-eisilteach a chinneadh a d'fhéadfadh na limistéir shnámha a thruailliú. Mura gcomhlíonann na huiscí snámha na caighdeáin atá leagtha síos, ní mór do na hÚdaráis Áitiúla é seo a fhógairt go poiblí agus dul i mbun na mbeart riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonfar feasta iad. Mar sin féin, níor cheart aon neamhghéilliúlacht do na caighdeáin cháilíochta, ar tuilte nó tubaistí nádúrtha eile nó drochaimsir neamhghnách an t-údar atá léi, a chur san áireamh agus an ghéilliúlacht do na caighdeáin á meas.

Teacht ar an bhFaisnéis

Ní mór do gach údarás áitiúil a bhfuil baint aige le sampláil an uisce sna limistéir shnámha shainithe, clár de thorthaí na samplála a bhunú agus a choinneáil, ar cheart é a chur ar fáil chun iniúchta do dhuine ar bith le linn uaireanta oifige.

Le linn shéasúr an tsnámha, ba cheart go mbeadh torthaí na samplála ar taispeáint sa limistéar snámha nó in aice leis, nó socruithe eile a dhéanamh d'fhonn iad a chur ar fáil don phobal sa limistéar áirithe. Ba cheart na torthaí a chuirtear ar taispeáint a nuashonrú uair amháin in aghaidh na gceithre sheachtain ar a laghad agus suíomh an phointe/na bpointí samplála a léiriú ar léarscáil a chuirfí ar taispeáint sa limistéar snámha nó in aice leis.

Na Torthaí a Thuairisciú

Caithfidh na húdaráis áitiúla torthaí agus tuarascálacha na monatóireachta a chur faoi bhráid EPA ag deireadh gach séasúir shnámha. Cuireadh córas tuairiscithe bunaithe ar an nGréasán ar bun i 2003 d'fhonn an próiseas tuairiscithe seo a éascú.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is é ról an EPA torthaí cháilíocht uisce gach údaráis áitiúil a shainscagadh agus tuarascáil náisiúnta a chur le chéile, a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Cuirtear an forbhreathnú náisiúnta seo agus tuarascálacha den sórt céanna ó bhallstáit eile le chéile in aon cháipéis uile-Eorpach amháin a fhoilsíonn an Coimisiún gach bliain.

Áiríonn an tuarascáil seo na torthaí don séasúr snámha 2007 a cuireadh chun an Choimisiúin Eorpaigh agus freisin ábhar mínithe eile don phobal i gcoitinne.

Leagadh cúram eile ar an EPA i 2001, is é sin, cead maolaithe ar na caighdeáin cháilíochta i dtosca áirithe. Roimh 2001, ba é an tAire

Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhí freagrach as seo. Is féidir maolú a cheadú ar chuntar nach aon phriacal do shláinte an phobail é. Is féidir an cead seo a chur faoi réir coinníollacha áirithe a shonróidh an EPA agus gan é a thabhairt ach ar feadh tréimhse áirithe. Ina theannta sin, tá cumhacht maoirseoireachta ag an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil (OEE) laistigh den EPA maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil. Maidir leis seo, is féidir leis an OEE, mar chuid dá gníomhaíochtaí forfheidhmithe, fógraí a eisiúint de bhun Ailt 63 de na hAchtanna EPA 1992 agus 2003 do shuímh shnámha nach gcomhlíonann na caighdeáin a sonraíodh.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

I measc nithe eile, is é ról an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na Rialacháin Náisiúnta a ullmhú agus a nuashonrú de réir mar is gá.

An Taisce

Scéim dheonach í Scéim na mBratach Gorm arb í An Taisce a riarann in Éirinn í agus an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil (FEE) ar an leibhéal idirnáisiúnta. Le bratach ghorm a fháil caithfidh suíomh snámha ar bith, in éineacht le caighdeán ard cáilíochta uisce a chaomhnú, sainaidhmeanna a bhaint amach maidir le seirbhísí agus áiseanna sábháilteachta a chur ar fáil, le bainistíocht limistéar na trá agus le hoideachas comhshaoil. Chomhoibrigh an EPA leis An Taisce d'fhonn a bheith chinnte go bhfuil na torthaí cáilíochta uisce a fuair an dá eagraíocht don séasúr snámha 2007 ag teacht le chéile. Rud ar leith seachas Scéim Eorpach na mBratach Gorm, ach rud comhlántach, í an anailís ar an uisce snámha de bhun na Treorach.

Aguisín 3 Stádas Géilliúlachta na Limistéar Snámha Sainithe i 2007

Údarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Géilliúlacht do:		
		AE Sainord-aitheach	AE Treoir	LTN
Comhairle Contae an Chláir	Loch Bhaile ua Aille, Inis	√	x	√
	Ballycuggeran	√	√	√
	Ceathrú an Easpaig	√	√	√
	Cé na Ceapaí, Cill Rois	√	√	√
	Fánóir	√	√	√
	Cill Chaoi	√	√	√
	An Leacht	√	√	√
	Baile Uí Bheoláin, Loch Deirgeirt	√	√	√
	Rinn na Spáinneach	√	√	√
	An Trá Bhán, An Dún Beag	√	√	√
	An Trá Bhán, Sráid na Cathrach	√	√	√
Comhairle Contae Chorcaí	Bá na hEornan	√	√	√
	Claycastle, Eochaill	√	√	x
	Cúl Méine	√	√	√
	Fountainstown	√	√	x
	Garretstown	√	√	√
	Garraí Lúcáis, Trá Bhán	√	√	√
	Garraí Bhó	√	√	√
	Inis an Duine	√	√	√
	Owenahincha	√	√	√
	Redbarn	√	√	√
	Tráig na Móna	√	√	√
	Warren	√	√	√
	Eochaill, Príomhthrá	x	x	x
Comhairle Contae Dhún na nGall	Baile Thiarnáin, Fánaid	√	√	√
	Bun Dobhráin	√	√	√
	Carraig Fhinn	√	√	√
	Cúil Dabhcha	√	√	√

Údarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Géilliúlacht do:		
		AE Sainord-aitheach	AE Treoir	LTN
Comhairle Contae Dhún na nGall	Na Dúnaibh	√	√	√
	Drumatinny	√	√	√
	Fionn Trá	√	√	√
	Killahoey	√	√	√
	Lady's Bay, Bun Cranncha	√	√	√
	Lisfannon	√	√	√
	Cnoc an Mharmair	√	√	√
	Muirbheach	√	√	√
	An Fhearthainn, Port Nua	√	√	√
	Port Artúir, Doirí Beaga	√	√	√
	Port na Bláiche	√	√	√
	Port an tSalainn	√	√	√
	Ráth Maoláin	√	√	√
	Ros Neamhlach	√	√	√
	An tSrúibh	√	√	√
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Cnocán Doirinne	√	√	√
	Trá Mhuirfin	√	X	√
	Dumhach Thrá	√	√	√
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Cill Iníon Léinín	√	√	√
	Rinn na Mara	√	√	√
Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Brigín	X	X	X
	Domhnach Bat	√	X	√
	Loch Sionnaigh	√	X	X
	Mullach Íde	√	X	√
	Port Mearnóg	√	X	√
	Port Reachrainn	√	√	X
	An Ros, Trá Theas	√	√	√
	Na Sceirí	√	X	X
	Cill Fhionntain, trá Burrow	√	X	X

Údarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Géilliúlacht do:		
		AE Sainord-aitheach	AE Treoir	LTN
Comhairle Contae na Gaillimhe	An Cnoc, Indreabhán	√	√	√
	Áit shnámha i Loch Riach	√	√	X
	Áit shnámha i bPort Omna	√	X	X
	Trá ag Cé an Spidéil	√	√	X
	Cill Muirbhthe, Inis Mór	√	√	√
	An Clochán	X	X	X
	Goirtín, Cloch Na Rón	√	√	√
	Na Forbacha	X	X	X
	An Spidéal, Príomhthrá	√	X	X
	Trá An Dóilín, An Cheathrú Rua	√	√	√
	Trá Chaladh Mhaínse	√	X	√
	Trácht, Cinn Mhara	√	√	X
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Bóthar na Trá	√	√	√
	An Trá Gheal	√	√	√
Comhairle Contae Chiarraí	Baile an Sceilg	√	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	√	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Theas	√	√	√
	Baile Uí Thaidhg	√	√	√
	Trá na Beannaí	√	√	√
	Caisleán Ghriaire	√	√	√
	Doire Fhionáin	√	√	√
	An Fhianait	√	√	X
	Inse	√	√	√
	Inny, An Coireán	√	√	√
	Na Cealla	√	√	√
	Machaire Beag, Caisleán Ghriaire	√	√	X
	Ros Beithe, Trá Bhán	√	√	√
	Ceann Trá	√	√	√
	Trá Bhán, Cathair Saidhbhín	√	√	√

Údarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Géilliúlacht do:		
		AE Sainord-aitheach	AE Treoir	LTN
Comhairle Contae Liatroma	Caoldra, Cluain	√	X	X
Comhairle Contae Lú	Ceann Chlochair	√	√	√
	An Port, An Lorgain Bhuí	√	√	√
	Rinn na Mara	√	X	√
	Shelling Hill/Baile an Teampaill	√	√	√
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Bertra	√	√	√
	Ceathrú Mhór	√	√	√
	Dumha Goirt	√	√	√
	Dumha Éige, Acaill	√	√	√
	Cuan Eillí, Béal an Mhuirthead	√	√	√
	Trá Bhearna na gCapall, Acaill	√	√	X
	An Caol, Acaill	√	√	√
	Keem, Acaill	√	√	√
	Cill Ala, Trá an Rosa	√	√	√
	Cluain Cearbán, Trá an tSeanchinn	√	√	√
	Cluain Cearbán, Talamh Bán (An Trá Gheal)	√	√	√
	Mullach Rua, Béal an Mhuirthead	√	√	√
	Maoil Raithní	√	√	√
	Rinn Rua, Ceathrú Thaidhg	√	√	√
	An Caladh, Cliara	√	√	√
Comhairle Contae na Mí	An Inse/Baile an Bhiataigh	√	X	X
Comhairle Chontae Shligigh	Inis Crabhann	√	X	√
	An Mullach Mór	√	√	X
	An Ros	√	X	√
Comhairle Contae Phort Láirge	Aird Mhór	√	X	√
	Bun Machan	√	X	√
	Cluain Fhia, Thoir	√	√	√

Údarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Géilliúlacht do:		
		AE Sainord-aitheach	AE Treoir	LTN
Comhairle Contae Phort Láirge	Dún Mór, Trá an Chonsailéara	√	√	X
	Dún Mór, Príomhthrá	√	X	√
	Trá Mhór, Príomhthrá	√	√	√
Comhairle Contae na hIarmhí	Lilliput, Loch Ainninn	√	√	√
	Port na Seangán, Loch Uail	√	√	√
	The Cut, Loch Léinn	√	√	√
Comhairle Contae Loch Garman	Baile Muine	√	√	√
	Cuan Bhaile na Cúirte	√	√	X
	Currach Cló	√	√	√
	Dún Canann	√	X	X
	Morriscastle	√	√	√
	Trá Ros Láir	√	√	√
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Trá Bhré	√	X	X
	Cuan an Bhriotáis Thuaidh	√	√	√
	Cuan an Bhriotáis Theas	√	√	√
	Trá Clogga	√	√	√
	Na Clocha Liatha	√	X	√
	An Trá Gheal	√	√	√

Aguisín 4 Rátaí Géilliúlachta na Limistéar Snámha in Éirinn don AE (1995 - 2007)

	Sáile			Fionnuisce		
	Limistéir Shnámha	C(I)%	C(G)%	Limistéir Shnámha	C(I)%	C(G)%
1995	108	98.1	87.9	9	100	88.9
1996	115	95.6	89.5	9	100	88.9
1997	115	96.5	83.5	9	100	88.9
1998	121	98.4	80.2	9	100	88.9
1999	121	98.3	89.3	9	100	88.9
2000	121	98.3	91.7	9	100	88.9
2001	122	97.5	87.7	9	100	88.9
2002	122	97.5	83.6	9	100	100
2003	122	96.7	83.6	9	100	100
2004	122	97.5	87.7	9	100	88.9
2005	122	95.9	91.8	9	100	77.7
2006	122	96.7	90.9	9	100	77.7
2007	122	96.7	81.1	9	100	66.7

C(T) - Comhlíonann Treoir, is é sin go gurb uisce de cháilíocht mhaith é

C(S) - Comhlíonann Sainordú, is é sin gurb uisce de cháilíocht inghlactha é